



EUROPEAN UNION



EU MISSIONS

RESTORE OUR OCEAN AND WATERS



Deireadh Fómhair 2024

Leagan 1

Treoir le haghaidh iarratasóirí: Iarratais shamplacha

**Cúnamh teicniúil chun tacú le pobail
gníomhaithe
cuspóirí Mhisean an AE: Ár nAigéan
agus ár nUiscí a Athchóiriú a bhaint
amach.**

Timthriall 2

STAIR ATHRUITHE			
Dáta	Leagan	Cur síos	Leathanach
30 Deireadh Fómhair 2024	1	Céad leagan	

Clár ábhair

Réamhrá.....	1
Pobail Chalafoirt: iarratas táscach.....	2
Rannán 1: Faisnéis tionscadail	2
Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.....	7
Rannán 3: Indéantacht an tionscadail.....	8
Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil	11
Pobail iascaigh: iarratas táscach.....	13
Rannán 1: Faisnéis tionscadail	13
Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.....	17
Rannán 3: Indéantacht an tionscadail.....	20
Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil	22
Pobal na n-oileán: iarratas táscach.....	24
Rannán 1: Faisnéis faoin tionscadail	24
Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.....	28
Rannán 3: Indéantacht an tionscadail.....	30
Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil	33

Réamhrá

Is é is cuspóir don doiciméad seo treoir a thabhairt d'iarratasóirí ar spéis leo an Glao ar Léiriú Suime maidir le "Cúnamh teicniúil chun tacú le pobail gníomhaithe Mísean an AE: Ár nAigéan agus ár nUiscí a Athchóiriú" a bhaint amach. Leanann sé struchtúr na Foirme Iarratais agus cuireann ar fáil trí shampla fhicseanúla — ceann amháin in aghaidh gach pobal gníomhaithe (iascach, calafort, agus pobail na n-oileán) — lena léiriú an dóigh leis na ceistanna ar an bhfoirm a fhreagairt go héifeachtach. Is féidir teacht ar an bhfoirm iarratais ar:

https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/Cycle2_TechnicalAssistance_Communities_MissionOceán

Tugtar samplaí sa doiciméad seo mar léiriú amháin. Tá siad ficseanúil agus ceaptha chun cabhrú le hiarratasóirí an próiseas iarratais a thuiscint. Níltear ag súil go n-úsáidfídh iarratasóirí na samplaí sin mar bhonn lena n-iarratas féin. Spreagtar iarratasóirí ábhar nua agus ábhartha a chur ann a léiríonn riachtanais agus cur chuige a dtionscadail féin. Níor cheart na samplaí a thógáil mar theimpléid éigeantacha ná mar threoirlínte don phróiseas iarratais.

Pobail Chalafort: iarratas táscach

Teideal an tionscadail: “Athshlánú éicea-mhara Chalafort Echo trí Réitigh Dhúlra bhunaithe”

Rannán 1: Faisnéis tionscadail

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Déan cur síos ar do thionscadal, lena n-áirítear an cúlra, suíomh, na fadhbanna a bhfuil sé mar aidhm aige a shárú, cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo, réimse tionchair na seirbhísí a bheidh le soláthar, agus spriocthairbhíthe. Cuir in iúl amlíne an tionscadail agus sonraigh aon fhéidearthacht atá ann maidir le méadú nó macasamhlú.</p>	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an tionscadal atá beartaithe agat (250 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo gnáthoga muirí agus cósta díghrádaithe laistigh de Chalafort Echo a athchóiriú trí chriosanna áitiúla athchóirithe éiceolaíochta a chruthú. Cuirfidh na criosanna sin réitigh dhúlra bhunaithe i bhfeidhm, amhail athchóiriú leapacha féir mhara, tógáil sceireacha saorga, agus athdhúlra cósta chun bithéagsúlacht agus cáilíocht uisce a fheabhsú, agus chun an t-imeallbhord a chobhsú. Trí dhíriú ar athchóiriú gnáthóg laistigh den chalafort, féachann an tionscadal seo leis an tionchar comhshaoil a bhíonn ag gníomhaíochtaí an chalafort a laghdú agus cur le hiarrachtaí níos leithne an AE éiceachórais aigéin agus uisce a athchóiriú faoi 2030 ag an am céanna. Beidh sé mar mhúnla chun iarrachtaí caomhnaithe a chomhtháthú i gcalafort ghnóthacha tionsclaíochta.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an gcúlra (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tá Calafort Echo ar cheann de na calafoirt is mó agus is gníomhaí sa Mheánmhuir. Láimhseálann sé go leor muirthráchta agus gníomhaíochtaí tionsclaíochta. I ndiaidh blianta fada d'fhorbairt bonneagair, tá éiceachórais chósta agus muirí mórthimpeall an chalafort díghrádaithe go mór. Mar thoradh ar thruailliú ó oibríochtaí loingseoireachta agus tionsclaíochta, mar aon leis an gcósta a dhéanamh saorga, cailleadh gnáthoga agus laghdaíodh an bhithéagsúlacht. Tá sé rithábachtach na héiceachórais seo a athchóiriú chun cáilíocht an uisce a fheabhsú, chun tacú le beathra muirí, agus chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú trí cheapadh carbóin.</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an suíomh</p>	<p>Cuirfear an tionscadal i bhfeidhm laistigh de Chalafoirt Echo agus sa limistéir timpeall air, ag díriú ar limistéir den chósta agus de ghrinneall na farraige atá díghrádaithe ag gníomhaíochtaí tionsclaíocha. Áireofar ar na criosanna sprice sonracha limistéir in aice le duganna, lánáí loingseoireachta, agus cladaigh shaorga.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar fhadhbanna a bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal a shárú/deiseanna(200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tugann an tionscadal aghaidh ar dhíghrádú gnáthóg muirí de bharr gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus modhnuithe cósta i gCalafort Echo. Tá laghdú suntasach tagtha ar mhóinéir mhara, rud atá ríthábhachtach do bhithéagsúlacht na mara, do scagachán uisce, agus do cheapadh carbóin, de thoradh dreidireachta agus truailliú. Is iomaí crios cósta a rinneadh saorga, rud atá ina chúis le creimeadh agus cailleadh gnáthóg nádúrtha. Amharcann an tionscadal seo air sin mar dheis chun réitigh dhúlrahunaithe a chur i bhfeidhm laistigh de limistéar an chalafoirt chun an bhithéagsúlacht a athbhunú, chun seirbhísí éiceachórais a fheabhsú, agus chun feidhmíocht chomhshaoil iomlán an chalafoirt a fheabhsú.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na cuspoirí(200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tá sé mar aidhm ag an tionscadal criosanna athchóirithe éiceolaíochta áitiúla a bhunú laistigh den chalafoirt chun gnáthóga ríthábhachtacha a athshlánú agus cur isteach a laghad is féidir ar oibríochtaí calafoirt ag an am céanna. Trí na criosanna sin, díreoidh an tionscadal ar cháilíocht an uisce a fheabhsú agus ar chobhsaíocht dríodair, rud a bheidh mar bhunús le hathchóiriú éiceolaíoch níos leithne. Féachann an tionscadal le 10 heicteár de mhóinéir mhara a athchóiriú freisin, rud a chuirfidh le bithéagsúlacht na mara, a fheabhsóidh cáilíocht an uisce, agus chuirfidh le ceapadh carbóin. Ina theannta sin, déanfaidh an tionscadal 5 km de chriosanna cósta saorga a athdhúlú le fásra dúchasach, rud a chuideoidh leis an dríodar a chobhsú, le creimeadh a laghdú, agus a thacóidh</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>le hathléimneacht an éiceachórais. Is é an mhórspríoc múnla inmhacasamhlaithe a chruthú le haghaidh réitigh dhúlra bhunaithe i gcalafoirt thionsclaíocha, rud a léiríonn a indéanta atá sé cothromaíocht a aimsiú idir gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus athchóiriú an chomhshaoil.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na spriocthairbhíthe</p>	<p>Beathra muirí agus éiceachórais i limistéar an chalafoirt, a bhainfidh leas as athchóiriú gnáthóg agus feabhsú na bithéagsúlachta.</p> <p>Údaráis chalafoirt agus an fhoireann oibríochtúil, a bhainfidh leas as cáil fheabhsaithe an chalafoirt maidir leis an gcomhshaol agus as laghdú ar rioscaí éiceolaíochta.</p> <p>Pobail áitiúla timpeall Echo, a bhainfidh leas as timpeallachtaí cósta níos glaine agus as leasanna turasóireacht a d'fhéadfadh teacht as timpeallacht nádúrtha níos fearr a bheith ann.</p> <p>Cuideachtaí loingis agus tionsclaíochta, a bhainfidh leas as cleachtais fheabhsaithe bhainistíochta maidir leis an gcomhshaol atá ag teacht le rialacháin an AE.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Is iad na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ná:</p> <ul style="list-style-type: none"> • 10 heicteár de mhóinéir mhara a athchóiriú faoi 2027, rud a sholáthróidh gnáthóg ríthábhachtach do speicis mhuirí agus a chuirfidh feabhas ar cháilíocht an uisce le scagachán nádúrtha. • 5 km de chriosanna cósta a athdhúlú faoi 2027, rud a laghdóidh an creimeadh agus a

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar réimse tionchair na seirbhísí atá le soláthar (100 carachtar ar a laghad)</p> <p>Cad é dáta tosaithe ionchasach do thionscadail?</p> <p>Cad é dáta críochnaithe ionchasach do thionscadail?</p> <p>Déan cur síos ar conas is féidir an tionscadal atá beartaithe a mhéadú agus/nó a mhacasamhlú i gcomhthéacsanna eile? (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>chuirfidh feabhas ar athléimneacht an chósta i leith an athraithe aeráide.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Laghdú ar rith chun srutha cothaitheach faoi 2030, rud a chuirfidh le huiscí níos glaine agus le héiceachórais níos sláintiúla a bheith ann. • Bithéagsúlacht níos leithne agus ceapadh carbóin laistigh de na criosanna athchóirithe, rud a chuirfidh le baint amach spriocanna aeráide agus comhshaoil áitiúla agus de chuid an AE. <p>Beidh tionchar suntasach ag an tionscadal ar bhithéagsúlacht na mara, ar cháilíocht uisce, ar chreimeadh cósta a smachtú agus ar cheapadh carbóin laistigh de limistéar Chalafort Echo agus na n-éiceachóras máguaird.</p> <p>Márta 2025</p> <p>Nollaig 2030</p> <p>Cuireann criosanna athchóirithe éiceolaíochta an tionscadail agus réitigh dhúlra bhunaithe múnla inscálaithe ar fáil is féidir a oiriúnú do chalafoirt nó limistéir thionsclaíochas cois cósta eile sa Mheánmhuir. Trí léiriú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le réitigh dhúlra bhunaithe a bheith ann ag an am céanna le hoibríochtaí calafoirt ardthráchta, cuireann an tionscadal creat inmhacasamhlaithe ar fáil a chuideoidh le calafoirt eile a lorg éiceolaíoch a laghdú agus gníomhaíochtaí eacnamaíochsa sa siúl acu ag an am céanna. Is féidir an tsamhail seo a chur chun cinn trí líonraí caomhantais réigiúnacha agus AE, rud a spreagfaidh tionscadail chomhchosúla i gcalafoirt eile a bhfuil dúshlán maidir le díghrádú comhshaoil rompu. Is féidir na ceachtanna a foghlaimíodh in Echo a chur i bhfeidhm ag calafoirt níos lú agus níos mó, rud a</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		chuirfidh le spriocanna comhshaoil agus caomhantais níos leithne an AE a bhaint amach.

Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Sonraigh an chaoi a n-ailíniú do thionscadal le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan & Uisce, lena n-áirítear tionchair ionchasacha agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.</p>	<p>Mínigh conas a bhaineann na cuspóirí agus na spriocanna roghnaithe le do thionscadal agus an dóigh a gcuirfidh do thionscadal lena mbaint amach <i>(200 carachtar ar a laghad)</i></p>	<p>Cuspóir 1: Tá an tionscadal seo ag teacht le céad chuspóir an Mhisin mar go ndíríonn sé ar ghnáthóga díghrádaithe a athshlánú laistigh de Chalafort Echo trí réitigh dhúlrahunaithe. In áit LMFC lánscála a chur ar bun, cuirfidh an tionscadal criosanna athchóirithe éiceolaíochta áitiúla i bhfeidhm laistigh den chalafort, áit a ndéanfar gníomhaíochtaí amhail athchóiriú leapacha féir mhara, tógáil sceireacha saorga, agus athdhúlú ar limistéir chósta. Feidhmeoidh na criosanna seo mar limistéir pháirtchosanta, rud a íoslaghdóidh tionchar daonna agus chuirfidh le téarnamh na bithéagsúlachta. Tá an cur chuige seo ar aon dul le sprioc an AE maidir le gnáthóga ghrinneall na mara atá díghrádaithe a athchóiriú, go háirithe iad siúd i réigiúin chósta an-tionsclaithe amhail Echo.</p> <p>Cuspóir 2: Cuidíonn an tionscadal le laghdú ar thruailliú trí scagachán uisce feabhsaithe a chuireann na leapacha féir mhara athchóirithe ar fáil agus trí bhearta rialaithe truailithe a chur i bhfeidhm i gcriosanna athchóirithe éiceolaíochta. Gabhfaidh na córais scagacháin dhúlrahunaithe seo truailléin ó rith chun srutha, rud a fheabhsóidh cáilíocht an uisce. Trí aghaidh a thabhairt ar thionchar díreach ghníomhaíochtaí an chalafóirt, laghdóidh an tionscadal rith chun srutha cothaitheach agus truailliú ceimiceach sna limistéir mhuirí máguaird. Cé go bhféadfadh sé nárbh fhéidir LMFC le rialú docht a chur i bhfeidhm i limistéar ardrátha mar Echo, féadfaidh bunú criosanna athchóirithe cur go mór le cuspóirí an Mhisin maidir le truailliú a laghdú, go háirithe bruscar mhuirí agus cailteanas cothaitheach.</p>
	<p>Mínigh cá huair atá sé mar aidhm ag do thionscadal tionchair shonracha a bhaint amach ar aon dul le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan</p>	<p>Ceapadh tionchair an tionscadail seo le bheith réalaíoch, le dul chun cinn de réir a chéile a dhéanamh ar athchóiriú éiceolaíoch intomhaiste, agus cuireann na torthaí a bhfuil</p>

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	agus Uiscí, lena n-áirítear ionchais inchainníochtaithe agus amlínte. (200 carachtar ar a laghad)	súil leo a liostaítear sa chuid roimhe seo na garspriocanna agus an amlíne réamh-mheasta chun iad a bhaint amach i láthair. Faoi 2030, táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas 20% ar tháscairí bithéagsúlachta áitiúla agus laghdú 30% ar rith chun srutha cothaitheach sna huiscí máguaird mar thoradh ar na hidirghabhálacha sin. Déanfaidh na limistéir athchóirithe seo carbón a cheapadh freisin, rud a chuirfidh le spriocanna an AE maidir le neodracht carbóin.
	Conas a dhéanann do thionscadal sineirgíocht (i.e. méadú, macasamhlú) le tionscnaimh bheartais eile atá ann cheana ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil?	Sineirgí le Tionscnaimh Beartais Reatha: Tacaíonn an tionscadal seo le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2030, straitéis a éilíonn go gcosnófar 30% d'fharraigí na hEorpa, ach a aithníonn an dúshlán a bhaineann le LMFCanna lánchosanta a bhunú laistigh de chriosanna an-tionsclaithe. Ina áit sin, cruthóidh sé criosanna maolánacha éiceolaíochta a chuirfidh leis an mbithéagsúlacht agus a ligfidh d'oibríochtaí calafoirt dul ar aghaidh ag an am céanna. Tagann an tionscadal leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí mar go gcuireann sé le stádas éiceolaíoch na timpeallachtaí muirí trí athchóiriú gnáthóg agus iarrachtaí chun truailliú a laghdú. Ar leibhéal náisiúnta, cuireann sé leis an Straitéis Náisiúnta um Bithéagsúlacht, straitéis a thugann tosaíocht do chaomhnú muirí agus do bhainistiú inbhuanaithe acmhainní muirí, go háirithe i limistéir ina bhfuil neart gníomhaíocht dhaonna.

Rannán 3: Indéantacht an tionscadail

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
Cuir in iúl gnéithe airgeadais do thionscadal, lena n-áirítear an buiséad pleanáilte agus foinsí maoinithe (lena n-	Cad é an buiséad a bhfuil súil agat leis / atá pleanáilte agat? Tabhair faisnéis, chomh fada agus is féidir, ar dhí-chomhbhailiú de réir mír chostais don tionscadal.	Meastar gurb é an buiséad iomlán a bheas ag teastáil don tionscadal ná €4.5 milliún, arna dháileadh ar na príomhréimsí seo a leanas:

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>áirítear féin-infheistíocht (leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta)). Sainigh riachtanais do thionscadal, na trí dhúshlán/bac is mó roimhe agus conas a rachaidh tú i ngleic leo.</p>		<ul style="list-style-type: none"> • Athchóiriú Leapacha Féir Mhara (10 heicteár): €1.5 milliún • Athdhúlú Cóta agus Rialú Creimthe (5 km): €1.2 milliún • Córais um Maolú agus Monatóireacht a dhéanamh ar Thruailliú: €800,000 • Bunú Criosanna Athchóirithe Éiceolaíochta: €600,000 • Bainistíocht Tionscadail, Staidéir, agus Comhlíontacht: €400,000 <p>Clúdóidh an buiséad seo costais bhonneagair riachtanaigh, saothair, trealaimh, measúnuithe comhshaoil, agus monatóireacht agus cothabháil leanúnach le linn shaolré an tionscadail.</p>
	<p>An bhfuil maoiniú faighte nó maoiniú féideartha agat le haghaidh do ghníomhaíochta? Má tá, sainigh na foinsí agus an méid (lena n-áirítear an clár maoinithe, féin-infheistíocht, leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta, etc.).</p>	<p>Faoi láthair, tá 50% de bhuiséad an tionscadail cinntithe, agus tá plé ar siúl le roinnt foinsí maoinithe féideartha chun an leath eile a chlúdach:</p> <p>Maoiniú Cinntithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Údarás Chalafort Echo: Tá gealltanais de €1 milliún i bhféin-infheistíocht faighte ó údarás an chalafoirt, ar a n-áirítear laethanta oibre ó fhoirne comhshaoil inti agus tacaíocht bonneagair. • An Earnáil Phríobháideach agus ENRanna: Léirigh roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus cuideachtaí a bhfuil baint acu le teicneolaíochtaí glasa suim i gcómhaoiniú a dhéanamh. Tá €100,000 faighte ó dheontais agus ó dheonacháin ó na comhpháirtithe seo. • Ollscoil Echo: Gealltanais tacaíocht chomhchineáil a sholáthar i bhfoirm laethanta oibre óna foirne dáimhe agus taighde, rud a chuirfidh le saineolas teicniúil maidir le monatóireacht chomhshaoil agus straitéisí athchóirithe. <p>Maoiniú Féideartha (Á Phlé):</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá beartaithe ar iarratas ar €2.5 milliún faoin gClár LIFE a dhéanamh chun tacú leis na hiarrachtaí athchóirithe éiceolaíochta. • Rialtas Náisiúnta: Tá cainteanna ag dul ar aghaidh leis an Aireacht Comhshaoil náisiúnta maidir le €500,000

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Sonraigh na trí dhúshlán/bac is mó roimh chur i bhfeidhm an tionscadail atá beartaithe agat. Roghnaigh in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dúshlán theicniúla • Fáil ar lucht saothair oilte • Dúshlán airgeadais • Bacainní rialála • Pleanáil tionscadail <p><i>(Roghnaigh ón mbosca aníos)</i></p>	<p>breise a thabhairt mar thacaíocht trí chistí náisiúnta athchóirithe cósta agus mara.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Bacainní Rialála 2. Dúshlán theicniúla 3. Dúshlán airgeadais
	<p>Cuir in iúl na dúshlán/na bacainní roimh do thionscadal <i>(250 carachtar ar a laghad)</i></p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Bacainní Rialála: Chun criosanna athchóirithe éiceolaíochta a bhunú i gcalafort den mhéid seo a bhfuil an tábhacht eacnamaíoch seo ag dul leis, ní mór dul i ngleic le creataí rialála casta. Is féidir go mbeidh coinbhleachtaí idir caomhnú comhshaoil agus spriocanna eacnamaíochta. Déanfar measúnú ar thionchair chomhshaoil chun an tionscadal a ailíniú le creataí dlíthiúla. Cinnteoidh rannpháirtíocht luath le húdaráis agus páirtithe leasmhara an chalafoirt go gcloífidh an tionscadal leis na rialacháin agus oibríochtaí calafoirt á gcoinneáil sa siúl ag an am céanna. Tá sainchomhairleoir dlí ag teastáil chun dul i ngleic leis an gcastacht rialála sin. 2. Dúshlán theicniúla: Teastaíonn pleanáil chúramach chun athchóiriú gnáthóg ar scála mór a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht chalafoirt thionsclaíoch le neart tráchta ann chun aon chur isteach ar ghníomhaíochtaí loingseoireachta agus calafoirt a sheachaint. Is é an dúshlán teicniúil ná a chinntiú go n-éireoidh le hiarrachtaí athchóirithe (e.g., plandáil féir mhara) i suíomh ina bhfuil neart truailliú agus gníomhaíocht dhaonna. Comhoibreoidh an tionscadal le bitheolaithe mara agus le saineolaithe teicniúla maidir le hathchóiriú gnáthóg chun

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>modhanna athchóirithe a fhorbairt atá sainoiriúnaithe do thimpeallachtaí calafort tionsclaíoch.</p> <p>3. Dúshlán airgeadais: Cé go bhfuil leath an mhaoinithe cinntithe ag an tionscadal agus go bhfuil foinsí féideartha maoinithe aige, tá bearna fós sa mhaoiniú atá cinntithe. Má chuirtear moill ar iarratais ar mhaoiniú ón AE nó go náisiúnta, nó má dhiúltaítear don iarratas, d'fhéadfadh sé sin amlíne an tionscadail a chur i gcontúirt. Ní mór don tionscadal straitéis fhorfheidhmithe chéimnithe a ghlacadh, straitéis a ligfidh don obair tosú le cistí cinntithe a fuarthas cheana féin agus leanúint orainn ag lorg agus ag pleanáil le haghaidh maoiniú breise.</p>

Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Sainigh agus rangaigh trí chineál de chúnamh teicniúil a theastaíonn ón roghchlár anuas agus cuir síos ar conas a chuirfidh siad le dúshlán do thionscadail a shárú. Freisin, mínigh breisluach agus ábharthacht an Chúnamh Theicniúil do do thionscadal.</p>	<p>Cén cineál de shainchúnamh teicniúil is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais do thionscadail? Tá na cineálacha cúnaimh theicniúil le fáil sa Rannán “Seirbhísí le cur ar fáil” den Ghlaó ar Léiriú Suime. Rangaigh na roghanna atá ar fáil in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rialáil • Teicniúil • Eacnamaíoch / Airgeadas • Oibriúchán • Tráchtáil • Timpeallacht <p><i>(Roghnaigh ón mbosca aníos)</i></p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Rialáil 2. Teicniúil 3. Eacnamaíoch / Airgeadas

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Déan mionchur síos ar an gcúnamh teicniúil atá á lorg (riachtanais do thionscadail a sonraíodh sa cheist roimhe seo) agus an toradh a bheidh air agus conas a sháróidh sé na dúshláin a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe agat?</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Rialáil: I bhfianaise na mbacainní rialála suntasacha a aithníodh, go háirithe a chasta atá sé oibriú laistigh de chalafoirt gnóthach tionsclaíoch agus iarrachtaí caomhnaithe a chur i gothromaíocht le ceanglais dhlíthiúla, is é Cúnamh Rialála an tosaíocht is mó. Teastaíonn tacaíocht ón tionscadal chun dul i ngleic le creataí casta rialála náisiúnta agus AE a rialaíonn caomhantas comhshaoil i réimsí oibríochtúla amhail calafoirt. Ina theannta sin, tá gá le soiléireacht dhlíthiúil maidir le conas is féidir criosanna athchóirithe éiceolaíochta a bhunú gan cur isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an chalafoirt. Ach an saineolas sin a fháil, maolóidh an tionscadal na rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí dlíthiúla agus rialála a d'fhéadfadh a bheith ann, rud atá ríthábhachtach do chur chun feidhme rathúil agus tráthúil. 2. Teicniúil: Tá dúshláin theicniúla suntasach mar gheall ar an deacracht a bhaineann le réitigh dhúlrahunaithe a chur i bhfeidhm, amhail athchóiriú leaba féir mhara i dtimpeallacht thionsclaíoch. Tá ionchur ó shaineolaithe ag teastáil chun a chinntiú go n-éireoidh leis na hidirghabhálacha sin, go háirithe i gcás na leibhéal ard truaillithe agus an tráchta mhuirí sheasta i limistéar an chalafoirt. Feabhsóidh an tacaíocht theicniúil seo indéantacht an tionscadail mar thoradh ar mhodhanna cruthaithe eolaíocha a sholáthar a laghdóidh an baol go dteipfeadh ar athchóiriú gnáthóg. 3. Eacnamaíoch/Airgeadas: Tá dúshláin airgeadais ionchais roimh an tionscadail mar gheall ar bhearnaí i gcistiú cinntithe, go háirithe sa chás go mbeidh moill maidir le rochtain a fháil ar chistí ó chlár AE amhail Fís Eorpach agus an Clár LIFE. Tá gá le tacaíocht chun straitéis airgeadais an tionscadail a bheachtú agus chun deiseanna maoinithe breise a aimsiú, chomh maith le hanailísí costais is tairbhe a bharrfheabhsú do pháirtithe leasmhara.

Pobail iascaigh: iarratas táscach

Teideal an tionscadail: “Iascach atá Neodrach ó thaobh Carbóin de agus Ciorclach in Delta”

Rannán 1: Faisnéis tionscadail

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
Déan cur síos ar do thionscadal, lena n-áirítear an cúlra, suíomh, na fadhbanna a bhfuil sé mar aidhm aige a shárú, cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo, réimse tionchair na seirbhísí a bheidh le soláthar,	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an tionscadal atá beartaithe agat (250 carachtar ar a laghad)	Tacóidh an tionscadal seo le pobal iascaigh Delta agus iad ag aistriú i dtreo geilleagar gorm atá neodrach ó thaobh carbóin de. Déanfaidh an treoirthionscadal ar iarfheistiú 10-15 shoitheach iascaireachta le hinnill hibrídeacha díosail is leictreachais chun laghdú 15-20% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2028, i

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>agus spriocthairbhithhe. Cuir in iúl amlíne an tionscadail agus sonraigh aon fhéidearthacht atá ann maidir le méadú nó macasamhlú.</p>		<p>gcomparáid le hoibríochtaí reatha faoi thiomáint díosail. Ag an am céanna, déanfar 2 aonad mhodúlacha le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc a shuiteáil ag áiseanna próiseála éisc áitiúla chun dramhaíl próiseála éisc a thiontú ina seachtháirgí luachmhara, amhail min éisc agus leasacháin orgánacha. Ina theannta sin, déanfar córas do Bharshaothraithe iltrófach ar mhionscála a thriail chun dramhaíl éisc a athúsáid, rud a fheabhsóidh éifeachtúlacht acmhainní. Feidhmeoidh na tionscnaimh phiolótacha seo mar chruthúnas ar choincheap, agus é mar aidhm úsáid na ngnéithe rathúla a leathnú go níos mó soithí agus dramhaíl a athúsáid ar bhonn níos leithne sna céimeanna amach anseo.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an gcúlra (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Is príomh-mhol iascaireachta é Delta ina bhfuil an tionscal iascaireachta áitiúil ag tabhairt aghaidh ar bhrú méadaitheach ó chostais bhreosla atá ag ardú, rialacháin nua um charbón, agus cleachtais bainistithe dramhaíola atá neamhéifeachtúil. Tá an t-aistriú go teicneolaíochtaí iascaireachta ísealcharbóin agus glacadh cleachtais geilleagair chiorclaigh ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach iascaigh an phobail a áirithiú.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an suíomh</p>	<p>Cuirfean an tionscadal i bhfeidhm laistigh de phobal iascaireachta Delta feadh chósta Mhuir Bhailt.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar fhadhbanna a bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal a shárú/deiseanna (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tá na soithí iascaireachta áitiúla in Delta faoi thiomáint díosail den chuid is mó, rud a chuireann go mór le hastaíochtaí carbóin. Ina theannta sin, faightear réidh le cuid mhór den dramhaíl ó phróiseáil éisc nó ní bhaintear dóthain úsáide as. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo lorg carbóin na n-oibríochtaí iascaireachta a laghdú chomh maith le cleachtais próiseála dramhaíola chiorclacha a thabhairt isteach. Laghdóidh na hiarrachtaí seo astaíochtaí agus cruthófar luach eacnamaíoch ó acmhainní a bhfuarthas réidh leo roimhe seo. Is deis bhreise é an córas do Bharshaothraithe iltrófach chun dramhaíl a laghdú tuilleadh agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainní sa do Bharshaothrá.</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na cuspoirí (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tá sé mar aidhm ag an tionscadal:</p> <p>Treoirthionscadal a dhéanamh agus 10-15 shoitheach iascaireachta le hinnill hibrídeacha díosail is leictreachais a iarfheistiú faoi 2028.</p> <p>Dhá aonad mhodúlacha le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc a shuiteáil faoi 2027.</p> <p>Córas do bharshaothraithe iltrófach 0.5 heicteár a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach faoi 2026.</p> <p>Oiliúint agus forbairt acmhainne a sholáthar d'iascairí agus do phróiseálaithe faoi lár 2026.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na spriocthairbhithé</p>	<p>Iascairí in Delta, a bhainfidh leas as costais bhreosla níos ísle, astaíochtaí laghdaithe, agus sruthanna nua ioncaim ó sheachtháirgí dramhaíola.</p> <p>Cuideachtaí próiseála éisc, a bhainfidh leas as dramhaíl éisc a athúsáid, rud a laghdóidh costais diúscartha agus ghinfidh sruthanna nua ioncaim.</p> <p>Éiceachórais mhuirí áitiúla, a bhainfidh leas as laghdú i dtuaillí agus in astaíochtaí carbóin, rud a chuirfidh le pobail éisc níos sláintiúla agus leis an mbithéagsúlacht.</p> <p>An geilleagar áitiúil, a bhainfidh leas as cleachtais inbhuanaithe a chruthóidh poist agus sruthanna ioncaim nua agus iad ag ailíniú le rialacháin inbhuanaitheachta an AE ag an am céanna.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Faoi 2028, táthar ag súil go mbainfidh an tionscadal laghdú 15-20% amach ar astaíochtaí carbóin ó na 10-15 shoitheach iascaireachta a dhéanfar a iarfheistiú mar chuid den treoirthionscadal. Éascóidh an tionscadal athúsáid 50% de dhramhaíl próiseála éisc, ar a laghad, a thiontófar ina mhin éisc agus ina leasacháin orgánacha faoi 2027. Faoi 2026, léireoidh cur i gcrích rathúil an treoirthionscadail um do bharshaothrú iltrófach mar is féidir dramhaíl éisc a chomhtháthú i gcórais do bharshaothraithe. Ar deireadh, tiocfaidh méadú ar an acmhainneacht áitiúil mar thoradh ar an tionscadal trí chláir oiliúna, rud a áiritheoidh go mbeidh an pobal in ann na cleachtais inbhuanaithe sin a ghlacadh chucu agus</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>cur leo, chun athléimneacht fhadtéarmach comhshaoil agus eacnamaíoch a chothú.</p>
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar réimse tionchair na seirbhísí atá le soláthar (100 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Rachaidh an tionscadal i bhfeidhm ar phobal iascaireachta Delta, agus cuirfidh sé le laghdú ar astaíochtaí carbóin, le héifeachtúlacht acmhainní, agus leis an aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal freisin tionchair chomhshaoil sa Mhuir Bhailt a laghdú trí chleachtais chiorclacha a chur chun cinn a rachaidh chun sochair an gheilleagair áitiúil agus na n-éiceachóras muirí araon.</p>
	<p>Cad é dáta tosaithe ionchasach do thionscadail?</p>	<p>Amhail Eanáir 2025</p>
	<p>Cad é dáta críochnaithe ionchasach do thionscadail?</p>	<p>Nollaig 2028</p>
	<p>Déan cur síos ar conas is féidir an tionscadal atá beartaithe a mhéadú agus/nó a mhacasamhlú i gcomhthéacsanna eile? (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Déanfar measúnú maidir le hindéantacht agus tionchar ar iarfheistiú na n-inneall hibrideach díosail is leictreachais, ar na haonaid mhodúlacha le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc, agus ar an treoirionscadal um dhobharshaothrú il-trófach. Bunaithe ar na torthaí, is féidir na réitigh seo a leathnú go níos mó soithí, áiseanna agus pobail feadh chósta Mhuir Bhailt.</p>

Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Sonraigh an chaoi a n-ailíniú do thionscadal le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan & Uiscí, lena n-áirítear tionchair ionchasacha agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.</p>	<p>Mínigh conas a bhaineann na cuspóirí agus na spriocanna roghnaithe le do thionscadal agus an dóigh a gcuirfidh do thionscadal lena mbaint amach <i>(200 carachtar ar a laghad)</i></p>	<p>Cuspóir 3: Tá an tionscadal seo ag teacht go láidir le Cuspóir 3 den Mhisean mar gheall ar astaíochtaí carbóin a laghdú, dramhaíl próiseála éisc a athúsáid, agus nuálaíocht sa dobharshaothrú. Téann an tionscadal i ngleic le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus le hathléimneacht eacnamaíoch. Ina theannta sin, déanann sé an bhunobair a chuirfidh le leathnú agus macasamhlú amach anseo, rud a d'fhéadfadh iascach ar scála beag a athrú ar feadh an Chósta Bhaltaigh agus níos faide i gcéin.</p>
	<p>Mínigh cá huair atá sé mar aidhm ag do thionscadal tionchair shonracha a bhaint amach ar aon dul le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan agus Uiscí, lena n-áirítear ionchais inchainníochtaithe agus amlínte. <i>(200 carachtar ar a laghad)</i></p>	<p>Faoi lár 2026:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear cláir oiliúna i gcrích, rud a thabharfaidh na scileanna riachtanacha d'iascairí agus do phróiseálaithe áitiúla chun teicneolaíochtaí hibrideacha díosail is leictreach agus cleachtais phróiseála dramhaíola a ghlacadh chucu. Is céim ríthábhachtach é sin chun a chinntiú go nglacfar teicneolaíochtaí agus cleachtais an tionscadail chucu ar bhonn fadtéarmach. • Beidh an córas dobharsaothraithe iltrófach feidhmeach, rud a ligfidh don fhoireann tástáil a dhéanamh ar cé chomh maith agus is féidir dramhaíl éisc a chomhtháthú i gcleachtais dobharsaothraithe inbhuanaithe. Tosóidh sonraí tosaigh ar éifeachtúlacht athúsáide dramhaíola ag teacht chun cinn. <p>Faoi 2027:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déanfar ar a laghad 50% den dramhaíl próiseála éisc a athúsáid sna haonaid mhodúlacha le haghaidh

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>próiseála, rud a laghdóidh tionchar diúscartha dramhaíola agus a chruthóidh sruthanna nua ioncaim do phróiseálaithe.</p> <ul style="list-style-type: none"> Innill Hibrideacha Díosail is Leictreach a Iarfheistiú: Déanfar na 10-15 shoitheach a iarfheistiú, agus bainfear amach laghdú 15-20% ar astaíochtaí carbóin. Feidhmeoidh sé seo mar bhunlíne chun an cabhlach hibrideach díosail is leictreach a leathnú sna céimeanna amach anseo. <p>Faoi 2028:</p> <ul style="list-style-type: none"> Measúnú agus Scálú: Déanfar measúnú ar thorthaí iarfheistithe soithí, ar phróiseáil dramhaíola éisc, agus ar treoirthionscadail do bharshaothraithe, agus díreofar ar na gnéithe is rathúla a leathnú go soithí agus áiseanna próiseála eile. Cuideoidh an chéim seo linn a dhearbhu conas is féidir éachtaí an tionscadail a leathnú go réigiúnach nó trasna Mhuir Bhailt.
	<p>Conas a dhéanann do thionscadal sineirgíocht (i.e. méadú, macasamhlú) le tionscnaimh bheartais eile atá ann cheana ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil?</p>	<p>Cruthaíonn an tionscadal sineirgí leis na beartais AE, náisiúnta agus áitiúla seo a leanas:</p> <p>An Comhaontú Glas don Eoraip: Tacaíonn an laghdú ar astaíochtaí ó na soithí iarfheistithe agus úsáid chiorclach na dramhaíola éisc go díreach le spriocanna an AE maidir le neodracht carbóin agus geilleagar ciorclach mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip.</p> <p>An Comhbheartas Iascaigh (CBI): Trí chleachtais inbhuanaithe iascaireachta a spreagadh agus trí thionchair chomhshaoil a laghdú, tá an tionscadal ar aon dul le sprioc an CBI acmhainní muirí a chaomhnú agus iascach inbhuanaithe a chothú.</p> <p>Geilleagar Gorm an Aontais a Chlaochlú do Thodhchaí Inbhuanaithe: Trí inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a chomhchuíbhiú trí laghdú carbóin, éifeachtúlacht acmhainní, agus caomhnú bithéagsúlachta. Ag feidhmiú mar treoirthionscadal inscálaithe, tacaíonn sé le hathléimneacht aeráide agus</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>tairgeann sé múnla inmhacasamhlaithe do phobail chósta eile, rud atá ag teacht le fíis an AE maidir le geilleagar gorm claochlaitheach.</p> <p>An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID): Tagann an tionscadal seo le haidhmeanna CEMID chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an inbhuanaitheacht san iascach. Tá fócas an treoirhionscadail ar innill hibrideacha díosail is leictreach agus ar an dobharshaothrú ar aon dul le sainordú CEMID chun réitigh ísealcharbóin agus tíosach ar acmhainní a mhaoiniú.</p> <p>Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) Tacaíonn an tionscadal leis an PNFA trí chur le laghdú astaíochtaí san earnáil iompair (soithí iascaireachta), rud atá mar phríomhréimse fócais don straitéis náisiúnta aeráide.</p>

Rannán 3: Indéantacht an tionscadail

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Cuir in iúl gnéithe airgeadais do thionscadal, lena n-áirítear an buiséad pleanáilte agus foinsí maoinithe (lena n-áirítear féin-infheistíocht (leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta)). Sainigh riachtanais do thionscadal, na trí dhúshlán/bac is mó roimhe agus conas a rachaidh tú i ngleic leo.</p>	<p>Cad é an buiséad a bhfuil súil agat leis / atá pleanáilte agat? Tabhair faisnéis, chomh fada agus is féidir, ar dhí-chomhbhailiú de réir mír chostais don tionscadal.</p>	<p>Buiséad measta iomlán: €2 mhilliún, leithdháilte mar seo a leanas: Treoirthionscadal maidir le Soithí le hInnill Hibrideacha Díosail is Leictreachais (10-15 shoitheach a iarfheistiú): €1 milliún. Is gnách costas idir €50,000 agus €100,000 in aghaidh an tsoithigh a bheith ar innill hibrideacha díosail is leictreach a iarfheistiú, ag brath ar mhéid agus ar chastacht. Aonaid Mhodúlacha le haghaidh Próiseáil Dramhaíola Éisc (2 aonad): €500,000 Cosnaíonn dhá aonad thart ar €500,000. Is gnách go gcosnaíonn córais mhodúlacha mar seo idir €200,000 agus €250,000 an ceann, ag brath ar leibhéal an uathoibríthe agus ar acmhainneacht. Treoirthionscadal um Dhobharshaothrú Iltrófach (0.5 heicteár): €300,000 Tá buiséad €300,000 leagtha amach don chóras seo a chlúdaíonn 0.5 heicteár. Áirítear leis an gcostas sin bonneagair a chur ar bun, stocáil speiceas (e.g., feamainn, débhlaoiscaigh), agus córais mhonatóireachta. Bainistíocht Tionscadail, Monatóireacht agus Measúnú: €200,000</p>
	<p>An bhfuil maoiniú faighte nó maoiniú féideartha agat le haghaidh do ghníomhaíochta? Má tá, sainigh na foinsí agus an méid (lena n-áirítear an clár maoinithe, féin-infheistíocht, leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta, etc.).</p>	<p>Tá, tá an tionscadal maoinithe go hiomlán trí na foinsí seo a leanas: An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID): €1.2 milliún chun tacú le hiarfheistiú soithí agus le haonaid mhodúlacha le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc. Clár LIFE: €800,000 cinntithe don treoirthionscadal do bhharshaothraithe agus chun cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn. Tá €300,000 d'fhéin-infheistíocht geallta ag Comhphobal Iascaireachta Delta, lena n-áirítear daonlaethanta agus tacaíocht bhonneagair chun na hinnill hibrideacha díosail is leictreach agus na córais próiseála dramhaíola a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil an tionscadal maoinithe go hiomlán, táimid dírithe ar thacaíocht a fháil le haghaidh gnéithe atá</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Sonraigh na trí dhúshlán/bac is mó roimh chur i bhfeidhm an tionscadail atá beartaithe agat. Roghnaigh in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dúshlán teicniúla • Fáil ar lucht saothair oilte • Dúshlán airgeadais • Bacainní rialála • Pleanáil tionscadail <p>Cuir in iúl na dúshlán/na bacainní roimh do thionscadal (<i>250 carachtar ar a laghad</i>)</p>	<p>ríthábhachtach d’inscálaitheacht agus d’ullmhacht oibríochtúil seachas bunghnéithe an tionscadail.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Bacainní rialála 2. Fáil ar lucht saothair oilte 3. Neamhbhainteach (Cumarsáid agus rannpháirtíocht) <ol style="list-style-type: none"> 1. Rialáil: D’fhéadfadh an chastacht a bhaineann le dul trí rialacháin mhuirí, chomhshaoil agus do Bharshaothraithe AE agus náisiúnta moill a chur ar eisiúint na gceadúnas is gá do na soithí hibrideacha díosail is leictreach agus do na córais do Bharshaothraithe. D’fhéadfadh deacrachtaí gan choinne teacht aníos le linn na céime cur chun feidhme de bharr ceanglais rialála maidir le laghdúithe ar astaíochtaí carbóin, bainistiú dramhaíola agus cleachtais do Bharshaothraithe. 2. Fáil ar lucht saothair oilte: Níl clár mionsonraithe um oiliúint agus forbairt acmhainne maidir le soithí hibrideacha díosail is leictreach a oibriú, aonaid le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc, agus córais um dhobharshaothrú iltrófach don fhórsa saothair áitiúil san áireamh sa tionscadal. D’fhéadfadh go mbeadh easpa scileanna speisialaithe ag iascairí agus próiseálaithe áitiúla chun na teicneolaíochtaí seo a bhainistiú, rud a bhféadfadh moill agus neamhéifeachtúlacht in oibríochtaí a bheith mar thoradh air. 3. Cumarsáid maidir le scálú: Braitheann acmhainneacht scálaithe agus inmhasamhlaitheachta an tionscadail ar cé chomh maith agus a chuirtear na torthaí in iúl do pháirtithe leasmhara, do lucht déanta beartas, agus

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		d'infheisteoirí. Gan straitéis shoiléir chumarsáide, is féidir nach gcuirfeadh rath an tionscadail i lár an aonaigh, rud a chuirfeadh teorainn leis an inscálaitheacht.

Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
Sainigh agus rangaigh trí chineál de chúnamh teicniúil a theastaíonn ón roghchlár anuas agus cuir síos ar conas a chuirfidh siad le dúshlán do thionscadail a shárú. Freisin, mínigh breisluach agus ábharthacht an Chúnamh Theicniúil do do thionscadal.	<p>Cén cineál de shainchúnamh teicniúil is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais do thionscadail? Tá na cineálacha cúnaimh theicniúil le fáil sa Rannán “Seirbhísí le cur ar fáil” den Ghlaio ar Léiriú Suime. Rangaigh na roghanna atá ar fáil in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rialáil • Teicniúil • Eacnamaíoch / Airgeadas • Oibriúchán • Tráchtáil • Timpeallacht 	<ol style="list-style-type: none"> 1. Rialáil 2. Oibriúchán 3. Cumarsáid agus For-Rochtain
	Déan mionchur síos ar an gcúnamh teicniúil atá á lorg (riachtanais do thionscadail a sonraíodh sa cheist roimhe seo) agus an toradh a bheidh air agus conas a sháróidh sé na dúshláin a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe agat?	<ol style="list-style-type: none"> 1. Rialáil: Tá sé rithabhachtach ár mbealach a dhéanamh trí na ceanglais rialála maidir le hiarfheistiú soithí, próiseáil dramhaíola agus oibríochtaí do bharshaothraithe chun gur féidir an tionscadal a chur i bhfeidhm go réidh. D'fhéadfadh go mbeadh moill ar an tionscadal sa chás nach bhfaightear na ceadanna riachtanacha nó go dteipeann air caighdeáin náisiúnta agus AE a

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>chomhlíonadh. Soláthróidh saineolaithe rialála tacaíocht riachtanach trí threoir a thabhairt don phróiseas chun ceadanna a fháil chun soithí hibrídeacha díosail is leictreach a iartheistiú agus trí chórais um dhobharshaothrú dramhaílbhunaithe a oibriú. Cinnteoidh siad go gcloíonn an tionscadal le treoracha an AE agus le rialacháin náisiúnta mhuirí agus chomhshaoil.</p> <p>2. Oibriúchán: Le teacht isteach teicneolaíochtaí nua, amhail soithí hibrídeacha díosail is leictreach agus aonaid mhodúlacha le haghaidh próiseáil dramhaíola éisc, tagann dúshlán oibríochtúla suntasacha, go háirithe don lucht saothair áitiúil, nach bhfuil taithí acu ar na córais sin. Chun comhtháthú agus oibriú réidh a áirithiú, bainfidh an tionscadal leas as tacaíocht na saineolaithe chun na bunchláir oiliúna a fheabhsú trí dhíriú ar scileanna praiticiúla agus fabhtcheartú an chórais, rud a ullmhóidh an lucht saothair le bainistiú oibríochtúil fadtéarmach. Beidh an tacaíocht seo ríthábhachtach chun an acmhainneacht áitiúil a thógáil chun na teicneolaíochtaí nua a chothabháil chomh maith lena n-oibriú go héifeachtach.</p> <p>3. Cumarsáid agus for-rochtain: Tá cumarsáid éifeachtach faoi thorthaí an tionscadail ríthábhachtach chun a rathúlacht fadtéarmach agus an fhéidearthacht é a mhacasamhlú a chothú. Gan straitéis for-rochtana atá soiléir agus struchtúrtha, d'fhéadfadh tionchar an tionscadail a bheith teoranta i gcónaí, agus na príomhpháirtithe leasmhara, amhail lucht déanta beartas, infheisteoirí agus pobail chósta eile gan a bheith in ann an méid atá bainte amach ag an tionscadal a thuiscint go hiomlán ná smaoineamh ar thionscnaimh dá leithéid a ghlacadh chucu féin. Beidh ról ríthábhachtach ag saineolaithe cumarsáide trí insintí soiléire tarraingteacha a chruthú a thiontóidh torthaí teicniúla an tionscadail—amhail laghdú carbóin agus athúsáid dramhaíola—ina scéalta láidre, inrochtana a bheidh</p>

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		in oiriúint do réimse de dhaoine éagsúla. Taobh amuigh d'fhorbairt insintí, dearfaidh speisialtóirí straitéis scaipthe chuimsitheach. Is éard a bheidh i gceist leis sin feachtais dhigiteacha for-rochtana a chruthú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as na meáin shóisialta, seimineáir ghréasáin, agus mionteagaisc bheartais, chomh maith le ceardlanna agus comhdhálacha a eagrú chun torthaí an tionscadail a chur ar taispeáint.

Pobal na n-oileán: iarratas táscach

Teideal an tionscadail: “Uiscephonaic Chiorclacha agus Comhtháthú Fuinnimh In-athnuaite do Shlándáil Bia agus Uisce Inbhuanaithe ar Oileán Selva”

Rannán 1: Faisnéis faoin tionscadail

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
Déan cur síos ar do thionscadal, lena n-áirítear an cúlra, suíomh, na fadhbanna a bhfuil sé mar aidhm aige a shárú, cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo, réimse tionchair na seirbhísí a bheidh le soláthar, agus spriocthairbhíthe. Cuir in iúl amlíne an tionscadail agus sonraigh aon fhéidearthacht atá ann maidir le méadú nó macasamhlú.	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an tionscadal atá beartaithe agat (250 carachtar ar a laghad)	Comhcheanglaíonn an tionscadal seo ar Selva córas ciorclach uiscephonaice le fuinneamh na gréine chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil bia, caomhnú uisce agus athléimneacht fuinnimh. Comhtháthaíonn an córas táirgeadh éisc agus glasraí laistigh de lúb dúnta a íoslaghdaíonn dramhaíl acmhainní trí úsáid a bhaint as fuinneamh in-athnuaite le haghaidh oibríochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin de. Dearadh an tionscadal le bheith ina mhúnla inmhacasamhlaithe d'oileáin eile, agus cuireann sé le spriocanna an AE maidir le geilleagar

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		gorm inbhuanaithe agus athléimneacht i limistéir ina bhfuil acmhainní teoranta.
	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an gcúlra (200 carachtar ar a laghad)	Braitheann an t-oileán go mór ar bhia agus ar fhuinneamh iompórtáilte, rud a fhágann gur féidir leis a bheith thíos le haon bhriseadh soláthair agus go bhfuil ag méadú ar a lorg comhshaoil. Ina theannta sin, tá acmhainní fionnuisce áitiúla teoranta. Tugann an tionscadal seo isteach córas uiscephonaice arna chumhachtú ag fuinneamh na gréine chun cur le hathléimneacht áitiúil, chun spleáchas ar allmhairí a laghdú, agus chun acmhainní uisce a chaomhnú trí oibríochtaí éifeachtacha lúbiata.
	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar an suíomh	Cuirfeadh an tionscadal i bhfeidhm ar shuíomh 0.25 heicteár arna sholáthar ag pobal Selva ar an gcósta theas, áit a mbeidh aonad uiscephonaice 500 méadar cearnach agus eagar griancheall 250 méadar cearnach a fheidhmíonn le chéile mar threoirthionscadal le haghaidh táirgeadh bia agus fuinnimh atá tíosach ar acmhainní.
	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar fhadhbanna a bhfuil sé mar aidhm ag an tionscadal a shárú/deiseanna (200 carachtar ar a laghad)	Cuireann an spleáchas ar bhia allmhairithe agus acmhainní uisce teoranta dúshláin inbhuanaitheachta roimh Selva. Soláthraíonn an tionscadal seo réiteach áitiúil, arna chumhachtú ag fuinneamh in-athnuaite chun tacú le slándáil bia, úsáid fionnuisce a laghdú thart ar 70%, agus astaíochtaí carbóin a ísliú, rud a thugann leis deis nuálaíoch chun athléimneacht ar an oileán a chothú. Trí oiliúint phobail a chur san áireamh, cinnteoidh an tionscadal go mbeidh acmhainneacht áitiúil ann chun an córas a bhainistiú agus a leathnú ar bhonn fadtéarmach.
	Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na cuspoirí (200 carachtar ar a laghad)	<ul style="list-style-type: none"> • Táirgfidh aonad uiscephonaice 500 méadar cearnach éisc agus glasraí ar bhonn inbhuanaithe, rud a laghdóidh spleáchas Selva ar allmhairí. • Soláthróidh eagar griancheall 250 méadar cearnach fuinneamh eis-eangaí chun an córas uiscephonaice a chumhachtú.

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<ul style="list-style-type: none"> • Laghdóidh an córas lúbiata úsáid fionnuisce go suntasach, rud a bheas ina léiriú ar chur chuige talmhaíochta atá tíosach ar uisce. • Trí oiliúint a chur ar 50 ball den phobal, gheobhaidh siad na scileanna chun na córais uiscephonaice agus griancheall a bhainistiú go neamhspleách, rud a áiritheoidh inbhuanaitheacht.
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na spriocthairbhithhe</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Cónaitheoirí Selva, a bhainfidh leas as foinse áitiúil bhia atá seasmhach agus as gan bheith ag brath ar allmhairí an oiread céanna. • Lucht saothair áitiúil, a gheobhaidh scileanna sna huiscephonaic inbhuanaithe agus i bhfuinneamh in-athnuaite. • Timpeallacht an oileáin, a bhainfidh leas as astaíochtaí laghdaithe agus as úsáid éifeachtach uisce.
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (200 carachtar ar a laghad)</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Faoi Nollaig 2025: Suiteáil eagar griancheall 250-méadar cearnach a ghineann thart ar 40-50 kW d'fhuinneamh in-athnuaite chun an córas uiscephonaice a chumhachtú. • Faoi Mhárta 2026: Córas uiscephonaice atá lánfheidhmeach, a tháirgeann suas le 500 kg éisc agus 1 tonna glasraí gach bliain. • Faoi Nollaig 2026: Laghdú thart ar 70% léirithe ar úsáid fionnuisce i gcomparáid le modhanna traidisiúnta. • Faoi Nollaig 2027: Oiliúint curtha ar 50 ball pobail, lena chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht oibríochtúil ann agus acmhainneacht áitiúil lena mhacasamhlú.
	<p>Cuir in iúl go hachomair agus déan cur síos ar réimse tionchair na seirbhísí atá le soláthar (100 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tacóidh an tionscadal le haistriú Selva chuig táirgeadh inbhuanaithe bia agus fuinnimh, rud a rachaidh i bhfeidhm go díreach ar shlándáil bia áitiúil, ar éifeachtúlacht acmhainní, agus ar an gcomhshaol.</p>
	<p>Cad é dáta tosaithe ionchasach do thionscadail?</p>	<p>Márta 2025</p>
	<p>Cad é dáta críochnaithe ionchasach do thionscadail?</p>	<p>Nollaig 2027</p>

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Déan cur síos ar conas is féidir an tionscadal atá beartaithe a mhéadú agus/nó a mhacasamhlú i gcomhthéacsanna eile? (200 carachtar ar a laghad)</p>	<p>Tugann múnla inscálaithe uiscephonaice an tionscadail seo, arna chumhachtú ag fuinneamh in-athnuaite, réiteach inmharthana do phobail oileánacha eile a bhfuil dúshlán den chineál céanna rompu. Is féidir le rath in Selva a bheith mar threoirphlean chun slándáil bia agus uisce a mhéadú i réigiúin éagsúla, rud a chuirfidh geilleagair inbhuanaithe oileáin chun cinn.</p>

Rannán 2: Ailíniú le Cuspóirí an Mhisin um Aigéan agus tionchair agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Sonraigh an chaoi a n-ailíniú do thionscadal le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan & Uiscí, lena n-áirítear tionchair ionchasacha agus sineirgí le tionscnaimh bheartais eile.</p>	<p>Mínigh conas a bhaineann na cuspóirí agus na spriocanna roghnaithe le do thionscadal agus an dóigh a gcuirfidh do thionscadal lena mbaint amach <i>(200 carachtar ar a laghad)</i></p>	<p>Cuspóir 1: Tacaíonn an tionscadal seo le caomhantas éiceachórais trí chóras uiscephonaice lúbiata a chur i bhfeidhm a íoslaghdaíonn úsáid fionnuisce agus a chuireann cosc ar scaoileadh cothaitheach isteach sna huiscí mórthimpeall. Trí thimthrialta éifeachtacha uisce, laghdaíonn an tionscadal an brú ar acmhainní fionnuisce Selva, rud atá ag teacht le cuspóirí an AE chun éiceachórais mhuirí agus fionnuisce a chosaint. Cuireann sé le bithéagsúlacht áitiúil freisin mar thoradh ar mhodh rialaithe ísiltionchair de tháirgeadh bia a chur ar fáil.</p> <p>Cuspóir 3: Trí chóras uiscephonaice arna chumhachtú ag an ngrían a thabhairt isteach, cothaíonn an tionscadal seo geilleagar gorm atá neodrach ó thaobh carbóin de ar Selva. Déanann an córas cothaithe agus uisce a athchúrsáil go héifeachtach, rud a laghdaíonn dramhaíl acmhainní agus a chuireann prionsabail an gheilleagair chiorclaigh chun cinn. Is léiriú é an tionscadal ar múnla inbhuanaithe do tháirgeadh bia ar oileáin atá teoranta ó thaobh acmhainní de, rud a théann i ngleic le slándáil bia áitiúil, ganntanas uisce, agus spleáchas ar earraí allmhairithe, agus lorg carbóin an oileáin á ísliú ag an am céanna.</p>
	<p>Mínigh cá huair atá sé mar aidhm ag do thionscadal tionchair shonracha a bhaint amach ar aon dul le cuspóirí agus le spriocanna an Mhisin um Aigéan agus Uiscí, lena n-áirítear ionchais inchainníochtaithe agus amlínte. <i>(200 carachtar ar a laghad)</i></p>	<p>Tá an amlíne mhionsonraithe maidir le gnóthachtáil an tionscadail curtha i láthair i Rannán 1 (torthaí a bhfuiltear ag súil leo). Faoi dheireadh an tionscadail, beidh eagar grianchéall 250 méadar cearnach a ghinfidh 40-50 kW d'fhuinneamh in-athnuaite suiteáilte chun táirgeadh bia atá neodrach ó thaobh carbóin de a chumhachtú. Tairgfídh córas uiscephonaice 500 méadar cearnach lánfheidhmeach thart ar 500 kg éisc agus 1 tonna glasraí ar bhealach inbhuanaithe gach bliain, agus úsáid á baint as a laghad acmhainní uisce is féidir. Bainfear amach</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
	<p>Conas a dhéanann do thionscadal sineirgíocht (i.e. méadú, macasamhlú) le tionscnaimh bheartais eile atá ann cheana ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil?</p>	<p>spricanna caomhantais uisce trí úsáid fionnuisce a laghdú 70% i gcomparáid le modhanna feirmeoireachta traidisiúnta.</p> <p>Tá an tionscadal ag teacht leis na tionscnaimh bheartais seo a leanas:</p> <p>An Comhaontú Glas don Eoraip: Tá an tionscadal ar aon dul le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais de thoradh fuinneamh in-athnuaite, caomhnú uisce agus éifeachtúlacht acmhainní a thabhairt isteach.</p> <p>Comhbheartas Talmhaíochta (CBT): Agus é dírithe ar uisce a shábháil agus ar tháirgeadh ciorclach bia, tá an tionscadal ag teacht le spricanna CBT maidir le cleachtais inbhuanaithe talmhaíochta a chothú. Léiríonn múnla uiscephonaice lúbiata táirgeadh bia atá éifeachtach agus éiceabhách, rud a chuireann cur chuige inmhacasamhlaithe ar fáil chun tacú le talmhaíocht inbhuanaithe laistigh de chomhthéacs na n-oileán.</p> <p>Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) Trí fhuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh agus astaíochtaí carbóin a laghdú, tacaíonn an tionscadal le spricanna PNFA maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus laghdú gás ceaptha teasa. Soláthraíonn sé réiteach áitiúil ar riachtanais fuinnimh agus bhia Selva, rud a chuireann le spricanna náisiúnta inbhuanaitheachta agus aeráide.</p>

Rannán 3: Indéantacht an tionscadail

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Cuir in iúl gnéithe airgeadais do thionscadal, lena n-áirítear an buiséad pleanáilte agus foinsí maoinithe (lena n-áirítear féin-infheistíocht (leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta)). Sainigh riachtanais do thionscadal, na trí dhúshlán/bac is mó roimhe agus conas a rachaidh tú i ngleic leo.</p>	<p>Cad é an buiséad a bhfuil súil agat leis / atá pleanáilte agat? Tabhair faisnéis, chomh fada agus is féidir, ar dhí-chomhbhailiú de réir mír chostais don tionscadal.</p>	<p>Is é an buiséad iomlán measta don tionscadal seo ná €900,000, leithdháilte mar seo a leanas:</p> <p>Córas Uiscephonaice a Shuiteáil (€350,000): Tógáil aonad uiscephonaice 500 méadar cearnach, lena n-áirítear umair éisc, leapacha fáis, scagachán uisce, agus córais timthrialla cothaitheach. Trealamh chun timthriallta cothaitheach a bhainistiú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce.</p> <p>Eagar Griancheall a Shuiteáil (€200,000): Eagar griancheall 250 méadar cearnach a shuiteáil, lena n-áirítear inbhéartóirí, stóráil ceallraí, agus ceangal leis an eangach chun an córas uiscephonaice a chumhachtú.</p> <p>Oiliúint Pobail agus Forbairt Acmhainneachta (€150,000): Maoiniú do cheardlanna, ábhair, agus seisiúin oiliúna chun scileanna riachtanacha i mbainistiú uiscephonaice, fabhtcheartú agus oibriú fuinneamh gréine a dhéanamh le 50 ball den phobal.</p> <p>Bainistíocht Tionscadail, Tacaíocht Deartha, Monatóireacht, agus Measúnú (€150,000): Maoirseacht ar ghníomhaíochtaí tionscadail, comhairliúchán maidir le dearadh teicniúil, monatóireacht ar an tionchar ar an gcomhshaol, agus tuairisciú ar dhul chun cinn.</p> <p>Cumarsáid agus For-rochtain (€50,000): Forbairt ábhair dhigitigh, imeachtaí for-rochtana áitiúla, agus ábhair faisnéise chun an tionscadal a chur chun cinn agus chun tacú le hacmhainneacht inmhacasamhlaitheachta.</p>
	<p>An bhfuil maoiniú faighte nó maoiniú féideartha agat le haghaidh do ghníomhaíochta? Má tá, sainigh na foinsí agus an méid (lena n-áirítear an clár maoinithe, féin-infheistíocht, leithdháileadh airgeadais nó daonlaethanta, etc.).</p>	<p>Faoi láthair, tá cuid den mhaoiniú cinntithe a chlúdóidh thart ar 50% den bhuiséad iomlán. Is iad na foinsí maoinithe cinntithe ná:</p> <p>Deontas Inbhuanaitheachta Náisiúnta (Ciste na Tíre um Forbairt Réigiúnach): €250,000 le haghaidh bonneagar</p>

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>fuinnimh in-athnuaite agus córais do bharshaothraithe inbhuanaithe. Féin-infheistíocht Áitiúil ó Phobal Selva: Deontas comhchineáil de €100,000. Cuirfear suíomh an tionscadail ar fáil chun uiscephonaic agus eagar griancheall a shuiteáil. Comhinfheistíocht ón Earnáil Phríobháideach: €100,000 geallta ó chomhpháirtithe teicneolaíochta in-athnuaite chun tacú le costais trealaimh ghréine agus saineolas suiteála.</p> <p>lomlán na gcistí cinntithe: €450,000. Tá foireann an tionscadail ag lorg maoiniú breise go gníomhach ó chlár de chuid an AE maidir leis an ngeilleagar gorm agus ó chomhpháirtíochtaí san earnáil príobháideach chun an €450,000 eile a chlúdach. Teastaíonn an t-airgead sin le haghaidh oiliúint, comhairliúchán deartha agus bainistíocht tionscadail.</p>
	<p>Sonraigh na trí dhúshlán/bac is mó roimh chur i bhfeidhm an tionscadail atá beartaithe agat. Roghnaigh in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dúshlán theicniúla • Fáil ar lucht saothair oilte • Dúshlán airgeadais • Bacainní rialála • Pleanáil tionscadail 	<ol style="list-style-type: none"> 1. Pleanáil tionscadail 2. Fáil ar lucht saothair oilte 3. Dúshlán airgeadais
	<p>Cuir in iúl na dúshlán/na bacainní roimh do thionscadal (250 carachtar ar a laghad)</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Pleanáil tionscadail: Chun uiscephonaic a chomhtháthú le córais ghrianfhuinnimh tá saineolas deartha speisialaithe ag teastáil chun leagan amach spásúil, timthriall cothaitheach agus sreabhadh fuinnimh a dhéanamh ar an mbealach is fearr. D'fhéadfadh comhairleoirí deartha tacú linn dul i ngleic leis na riachtanais luathchéime seo, chun a chinntiú go gcuirfear córas éifeachtach ar bun atá oiriúnaithe do dhálaí comhshaoil Selva agus a uasmhéadóidh éifeachtúlacht oibríochtúil.

Treoirínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>Seachnóidh an tacaíocht deartha seo fadhbanna coitianta i gcur chun feidhme agus éascóidh sé rolladh amach réidh an tionscadail.</p> <ol style="list-style-type: none"><li data-bbox="1375 296 2036 571">2. Fáil ar lucht saothair oilte: Tá taithí teoranta ag lucht saothair áitiúil Selva ar uiscephonaic agus ar theicneolaíochtaí gréine, rud a chruthaíonn dúshlán oibríochtúla fhéideartha. Chun aghaidh a thabhairt air sin, cuimsíonn an tionscadal oiliúint spriocdhírthe; Mar sin féin, cabhróidh tacaíocht bhreise ó chomhairleoirí le hacmhainneacht fhadtéarmach phobail a fhorbairt agus le bainistíocht inbhuanaithe a chinntiú.<li data-bbox="1375 576 2036 667">3. Dúshlán airgeadais: Agus gan ach 50% de bhuiséad an tionscadail cinntithe faoi láthair, tá gá le maoiniú breise chun cur i bhfeidhm iomlán a chinntiú.

Rannán 4: Riachtanais Cúnaimh Theicniúil

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
<p>Sainigh agus rangaigh trí chineál de chúnamh teicniúil a theastaíonn ón roghchlár anuas agus cuir síos ar conas a chuirfidh siad le dúshláin do thionscadail a shárú. Freisin, mínigh breisluach agus ábharthacht an Chúnamh Theicniúil do do thionscadal.</p>	<p>Cén cineál de shainchúnamh teicniúil is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais do thionscadail? Tá na cineálacha cúnaimh theicniúil le fáil sa Rannán “Seirbhísí le cur ar fáil” den Ghlaio ar Léiriú Suime. Rangaigh na roghanna atá ar fáil in ord tosaíochta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rialáil • Teicniúil • Eacnamaíoch / Airgeadas • Oibriúchán • Tráchtáil • Timpeallacht 	<ol style="list-style-type: none"> 1. Teicniúil 2. Oibriúchán 3. Eacnamaíoch/Airgeadas
	<p>Déan mionchur síos ar an gcúnamh teicniúil atá á lorg (riachtanais do thionscadail a sonraíodh sa cheist roimhe seo) agus an toradh a bheidh air agus conas a sháróidh sé na dúshláin a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe agat?</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Teicniúil: Is é Cúnamh Dearaidh Tionscadail an tosaíocht is airde mar gheall ar na castachtaí a bhaineann le huiscephonaic agus córais gréine a chomhtháthú ar Selva. Cruthóidh sainchomhairleoirí gormchlónna mionsonraithe a thabharfaidh aghaidh ar leagan amach éifeachtach, timthriall cothaitheach, agus sreabhadh fuinnimh, agus é ar fad in oiriúint do shainghnéithe comhshaoil an oileáin. Uasmhéadóidh an phleanáil shaineolach sin úsáid acmhainní agus éifeachtúlacht oibríochtúil mar aon le riachtanais chothabhála amach anseo a íoslaghdú, rud a bheidh mar bhonn láidir maidir le cur i bhfeidhm réidh agus inmhasamhlaitheacht ar oileáin eile. 2. Oibriúchán: Taobh amuigh den bhunoiliúint, cabhróidh treoir phraiticiúil leis an bpobal scileanna praiticiúla a fhoghlaim chun na córais a oibriú agus a fhabhtcheartú. Trí dhíriú ar bhainistíocht fhadtéarmach inbhuanaithe, méadóidh an tacaíocht seo an acmhainneacht áitiúil a theastaíonn chun na córais a choinneáil ag rith go réidh agus chun cur ar chumas an phobail aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna féideartha go neamhspleách, rud a chothaíonn athléimneacht agus muinín.

Treoirlínte Ginearálta	Fo-rannán den Fhoirm Iarratais	Samplaí
		<p>3. Eacnamaíoch/Airgeadas: Cabhróidh sé leis an 50% eile den bhuiséad a theastaíonn chun an tionscadal a chur i gcrích a fháil. Forbróidh comhairleoirí airgeadais straitéis chun foinsí maoinithe breise a aimsiú, amhail cláir AE agus comhpháirtíochtaí príobháideacha, chomh maith leis an mbuiséad a bharrfheabhsú agus sreabhadh airgid a bhainistiú. Cinnteoidh an cúnamh seo cobhsaíocht airgeadais le linn cur i bhfeidhm, rud a éascóidh baint amach spriocanna an tionscadail agus a fheabhsóidh an féidearthachtaí inscálaitheachta amach anseo in Selva agus i bpobail dá leithéid.</p>

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

© An tAontas Eorpach, 2021

Údaraítear athúsáid ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse agus nach ndéantar brí ná teachtaireacht bhunaidh an doiciméid a shaobhadh.

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a eascróidh as an athúsáid. Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Gach íomhá © Aontas Eorpach, mura luaitear a mhalairt. Foinsí íomhá: © Richard Carey, #209819526, 2021. Foinse: Stoc.Adobe.com. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint.

PDF ISBN 978-92-76-41167-3 doi:10.2777/500470 KI-01-21-194-EN-N

